7.0

7.0 Bunluachanna

Déanann Comhairle Contae Luimnigh iarracht cloí leis na bunluachanna seo a leanas:

SCOTHSHEIRBHÍS CUSTAIMÉARA
Freagairt do riachtanais, ábhair imní, agus mianta an phobail agus scothsheirbhísí inrochtain a sholáthar ar chuma éifeachtach cairdiúil.

DAONLATHAS ÁITIÚIL
Tá an Chomhairle tiomanta don daonlathas áitiúil – ionadaíoch agus rannpháirtíoch araon. Tá meas ar ról na gComhairleoirí tofa chomh maith le ról na bpáirtnéirí sóisialta (An Fóram Pobail agus Deonach, na Ceardchumainn, an crann taca feirmeoireachta, agus ionadaithe na ngnóthaí/bhfostóirí) mar dhaonlathas rannpháirtíoch. Tá sé d'aidhm ag an gComhairle oibriú i bpáirtíocht le gach aon earnáil den phobail.

AN FHOIREANN
Tugann an Chomhairle aitheantas don achmhainn is tábhachtaí aici- an fhoireann - agus is príomhaidhm é a bhforbairt, a dtraenáil, a sábháilteacht agus a leas.

CAIGHDEÁIN
Tá an Chomhairle tiomanta d'ionracas an rialtais áitiúil agus na seirbhíse poiblí agus cloífear i gcónaí le hardchaighdeán eitice, oscailteachta agus trédhearcachta.

FORBAIRT INBHUANAITHE
Forbairt chothrom inbhuanaithe leanúnach a chur chun cinn agus an timpeallacht a chosaint, a choamhnú agus a fheabhsú ar mhaithe le leas na ndaoine anois agus amach anseo.

CUIMSIÚ SÓISIALTA
Rannpháirtíocht agus cuimsiú sóisialta a chur chun cinn i bhfeastal ar riachtanais an phobail.

LUACH AIRGID AGUS ÉIFEACHT
Feabhas leanúnach a chur chun cinn trí úsáid éifeachtach achmhainní agus trí pháirtíocht na bpáirtithe uile leasmhara.

CINNIREACHT CATHARTHA
Luí isteach ar a ról nua cinnireachta pobail agus deimhin a dhéanamh de go bhfuil a páirt á ghlacadh ag gach earnáil den phobal agus ag soláthróirí eile seirbhísí trí chur chuige páirtnéireachta.

COMHIONANNAS
Comhionannas a sholáthar i ngach gníomhaíocht, mar fhostóir agus ag mar sholathróir seirbhíse.

CUMARSÁID
Leanúint de aithint ar an tábhacht a bhaineann le cumarsáid éifeachtach leis an fhoireann agus leis an bpobal i gcoitinne.